Draíocht Póstaeir

Cuid 1



Dear póstaer do thionscadal atá á dhéanamh agat sa rang.

Roghnaigh teideal agus cuir isteach sonraí ar bith eile atá tábhachtach, dar leat.

Bain úsáid as grafaicí/grianghraif dhigiteacha nó íomhánna scanta agus téacs.

Cuir do chuid eolais in eagar agus roghnaigh stíleanna agus éifeachtaí cuí le haird an spriocghrúpa a tharraingt.

Taispeáin do phóstaer do chara agus pléigí dóigheanna lena fheabhsú.

Déan athruithe ar bith atá de dhíth.

Cuir d'ainm leis agus sábháil cóip.

Draíocht Póstaeir

Cuid 2

Dear póstaer do thionscadal atá á dhéanamh agat sa rang.

Roghnaigh teideal agus cuir isteach sonraí ar bith eile atá tábhachtach, dar leat.

Roghnaigh stíleanna agus éifeachtaí cuí le haird do lucht féachana a tharraingt.

Déan machnamh ar:
- an leagan amach;
- méid agus stíl na gclónna;
- úsáid fhéideartha imlínte, boscaí téacs nó cúlraí;
- méid agus stíl na ngrafaicí.

Bain úsáid as grafaicí/grianghraif dhigiteacha nó íomhánna scanta agus téacs. Cuir grafaicí sa suíomh ceart agus, más gá, athraigh méid na ngrafaicí le do phóstaer a dhéanamh chomh tarraingteach agus is féidir.

Cuir do chuid eolais in eagar lena chinntiú go bhfóireann sé don spriocghrúpa agat.

Taispeáin do phóstaer do chara agus pléigí an dóigh lena fheabhsú.

Déan athruithe ar bith atá de dhíth.

Cuir d'ainm leis agus sábháil cóip.

Labhair le do mhúinteoir faoi athruithe ar bith a rinne tú ar an phóstaer agus mínigh na fáthanna a ndearna tú iad.